



Preas agus Eolas

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh
PREASEISIÚINT Uimh. 43/22
Lucsamburg, 8 Márta 2022

Breithiúnas i gCás C-205/20
Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld (Éifeacht dhíreach)

Oibrithe a phostú: ní mór don chúirt náisiúnta a áirithiú go bhfuil na pionóis i gcás sárú oibleagáidí riaracháin comhréireach

Is féidir leis an gcúirt náisiúnta córas náisiúnta maidir le pionóis a chur i bhfeidhm atá contrártha leis an Treoir maidir le hoibrithe a phostú chomh fada agus a ráthaíonn sé comhréireacht na bpionós

Rinne an chuideachta CONVOI s. r. o., bunaithe sa tSlóvaic agus dá ndéanann NE ionadaíocht, fostaithe a phostú chuig cuideachta a bunaíodh in Fürstenfeld (an Ostair). Le cinneadh arna ghlacadh i mí an Mheithimh 2018, ar bhonn na dtorthaí a fuarthas le linn cigireacht a rinneadh cúpla mí roimhe sin, d'fhorchuir Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld (údarás riaracháin cheantar Hartberg-Fürstenfeld, an Ostair) fineáil 54 000 euro ar NE, mar gheall ar neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí éagsúla dá bhforáiltear ag dlí saothair na hOstaire, a bhaineann, go háirithe, le doiciméid tuarastail agus slándála sóisialta a choinneáil agus a sholáthar. Thóg NE caingean i gcoinne an chinneadh sin os comhair na cúirte a rinne an tarchur, Landesverwaltungsgericht Steiermark (Cúirt Réigiúnach Riaracháin, Steiermark, an Ostair).

I mí Dheireadh Fómhair 2018, rinne an chúirt sin, ag ceistiú chomhlíonadh dhlí an Aontais agus, go háirithe, prionsabal na comhréireachta a leagtar amach go háirithe in Airteagal 20 de Threoir 2014/67¹ ar phionóis amhail na cinn dá bhforáiltear ag reachtaíocht na hOstaire atá i gceist, iarraidh ar réamhrialú maidir leis an ábhar a tharchur chuig an gCúirt. Ina hordú an 19 Nollaig 2019, Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld², chinn an Chúirt go raibh nádúr díréireach leis an teaghlaim de roinnt gnéithe de chóras na hOstaire smachtbhannaí a forchuireadh as sárú oibleagáidí, oibleagáidí riaracháin go bunúsach, doiciméid a bhaineann le postú na n-oibrithe a choinneáil.

Ag tabhairt dá haire, tar éis an ordaithe sin, nár leasaigh an reachtas náisiúnta an reachtaíocht atá i gceist agus, ag cur san áireamh an réiteach arna ghlacadh ag an gCúirt i mbreithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2018, Link Logistik N&N³, chinn an chúirt a rinne an tarchur fiafraí den Chúirt an féidir gan an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm, agus más féidir, a mhéid is féidir sin. I mbreithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2018, Link Logistik N&N, mheas an Chúirt nach raibh éifeacht dhíreach ag foráil dhlí an Aontais cosúil le hAirteagal 20 de Threoir 2014/67⁴.

¹ Treoir 2014/67/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir le forghníomhú Threoir 96/71/CE maidir le hoibrithe a phostú faoi chuimsiú seirbhísí a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 maidir le comhar riaracháin trí chóras faisnéise an mhargaidh inmheánaigh ("Rialachán FMI") (IO 2014 L 159, Ich. 11).

² Ordú an 19 Nollaig 2019, Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld, [C-645/18](#). Go sonrach, san ordú sin, chinn an Chúirt go gcuirtear cosc le hAirteagal 20 de Threoir 2014/67, lena n-éilítear go mbeidh na pionóis dá bhforáiltear ann comhréireach, ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás neamhchomhlíonadh oibleagáidí i réimse dhlí an tsaothair a bhaineann le dearbhú fostaithe agus maidir le doiciméid tuarastail a choinneáil, go bhforchuirfeadh fineálacha ar mhéid nach féidir a bheith níos lú ná méid réamhshainithe, a fhorchuirtear go carnach i leith gach oibrí lena mbaineann agus gan uasteorainn, agus a gcuirtear suas le 20 % dá méid leo mar ranníocaíocht le costais nós imeachta i gcás ina ndiúltaítear don achomharc arna thaisceadh i gcoinne an chinneadh lena bhforchuirtear iad.

³ Breithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2018, Link Logistik N&N, [C-384/17](#).

⁴ I mbreithiúnas an 4 Deireadh Fómhair 2018, Link Logistik N&N, [C-384/17](#), rialaigh an Chúirt ar Airteagal 9a de Threoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999, maidir le muirir ar úsáid bonneagar áirithe a ghearradh ar fheithiclí earraí troma (IO 1999, L 187, Ich. 42), arna leasú le Treoir 2011/76/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meán Fómhair 2011 (IO 2011, L 269, Ich. 1). Foráiltear leis an bhforáil sin chomh

Lena breithiúnas, rialaíonn an Chúirt, ina suí mar Mhór-Dhlísheomra, ar thaobh amháin, maidir le fios a bheith aici an bhfuil éifeacht dhíreach ag ceanglas comhréireachta na bpionós. Ar an taobh eile, sonraíonn sí raon feidhme na n-oibleagáidí atá ar chúirt náisiúnta a dtabharfar imeachtaí os a comhair i gcás ina gceanglaítear uirthi rialacha náisiúnta a chur i bhfeidhm ina bhforchuirtear pionóis dhíréireacha.

Breithniú na Cúirte

Ar an gcéad dul síos, rialaíonn an Chúirt go bhfuil éifeacht dhíreach ag Airteagal 20 de Threoir 2014/67, a mhéid a éilítear leis go mbeidh na pionóis dá bhforáiltear ann comhréireach, agus gur féidir, dá bhrí sin, le daoine aonair é a agairt os comhair na gcúirteanna náisiúnta i gcoinne Ballstát a rinne é a thrasúí go mícheart. Chun a thabhairt le tuiscint, ar an gcéad dul síos, go bhfuil an ceanglas maidir le comhréireacht na bpionós dá bhforáiltear san fhoráil sin gan choinníoll, tugann an Chúirt dá haire go leagtar amach an ceanglas sin i ndearbhthearmaí i bhfoclaíocht na forála sin. Ina theannta sin, leis an toirmeasc ar phionóis dhíréireacha a ghlacadh, arb é iarmhairt an cheanglais sin é, ní éilítear aon ghníomh de chuid institiúidí an Aontais agus ní chuirtear ar chumas na mBallstát leis an bhforáil sin ar dhóigh ar bith raon feidhme an toirmisc sin a chur faoi choinníollacha ná a shrianadh. I ndáil leis sin, níl an imthoisc nach mór Airteagal 20 den Treoir sin a thrasúí, de chineál lena dtugtar faoi amhras nádúr neamhchoinníollach an cheanglais maidir le comhréireacht na bpionós dá bhforáiltear ann. Ansin, d'fhonn a mheas go bhfuil an ceanglas maidir le comhréireacht na bpionós dá bhforáiltear in Airteagal 20 de Threoir 2014/67 sách beacht, cinneann an Chúirt go bhfuil an corrlach breithmheasa leathan a fhágann an fhoráil sin do na Ballstáit chun na rialacha maidir leis na pionóis is infheidhme i gcás sárú ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun na Treorach sin a shainiú, teoranta leis an toirmeasc a leagtar amach ar mhodh ginearálta agus i dtéarmaí gan débhrí den fhoráil sin lena gcuirtear cosc ar phionóis dhíréireacha. Mar sin, ní hionann corrlach breithmheasa leathan den sórt sin a bheith ann agus a chur as an áireamh go mbeidh athbheithniú breithiúnach le déanamh ar thrasúíomh na forála sin.

Ar an dara dul síos, deir an Chúirt go gceanglaítear le prionsabal an fhorlámhais an oibleagáid ar údarais náisiúnta gan reachtaíocht náisiúnta atá ar neamhréir leis an gceanglas maidir le comhréireacht na bpionós dá bhforáiltear in Airteagal 20 de Threoir 2014/67 a chur i bhfeidhm, ach a mhéid is gá chun pionóis chomhréireacha a fhorchur. Á mheabhrú di, cé go bhfuil reachtaíocht náisiúnta amhail an dlí atá i gceist sna príomhimeachtaí iomchuí chun na cuspóirí dlisteanacha atá á saothrú a bhaint amach, athdhearbhaíonn an Chúirt go dtéann an reachtaíocht sin thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach mar gheall ar a saintréithe éagsúla⁵. Mar sin féin, nach gá go bhfuil na tréithe sin, ar bhonn aonair, ar neamhréir leis an riachtanas sin. Dá bhrí sin, chun lánéifeachtacht an cheanglais maidir le comhréireacht na bpionós dá bhforáiltear in Airteagal 20 de Threoir 2014/67 a áirithiú, is faoin gcúirt náisiúnta, dá bhrí sin, a éistfidh achomharc i gcoinne pionós den sórt sin atá i gceist sna príomhimeachtaí gan an chuid den reachtaíocht náisiúnta as a dtagann nádúr díréireach na bpionós a chur i bhfeidhm, ionas go bhforchuirtear pionóis chomhréireacha, atá fós éifeachtach agus athchomhairleach ag an am céanna. I gcás go mbeidh an pionós a fhorchuirtear níos éadroime ná an pionós dá bhforáiltear leis an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme, ní féidir an imthoisc sin a mheas mar ní atá ar neamhréir le prionsabail na deimhneachta dlíthiúla, dhlíthiúlacht na gcionta agus na bpionós ná le neamh-aisghníomhaíocht an dlí choiriúil, tá an pionós fós glactha de bhun na rialachán sin. Ina theannta sin, ós rud é go gcuireann ceanglas na comhréireachta dá bhforáiltear in Airteagal 20 de Threoir 2014/67 teorainn ar na pionóis nach mór do na húdarais náisiúnta ar fad atá freagrach as an gceanglas sin a chur i bhfeidhm faoi chuimsiú a gcumhachtaí, agus cead acu pionóis éagsúla a fhorchur ag brath ar thromchúis an tsáraithe ar bhonn na reachtaíochta náisiúnta is infheidhme, ní féidir a mheas go sáraíonn ceanglas den sórt sin prionsabal na córa comhionainne.

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóid os a gcomhair, ceisteanna maidir le léirmhíniú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó

maith ceanglas maidir le comhréireacht na bpionós a fhorchuirtear i gcás sárúithe ar na forálacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Threoir 1999/62.

⁵ Ordú an 19 Nollaig 2019, Bezirkshauptmannschaft Hartberg-Fürstenfeld, [C-645/18](#).

bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid féin. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir leis an mbreith ón gCúirt Bhreithiúnais. Tá an bhreith sin ina ceangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán](#) an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá an fhógartha.

Teagmháil phreasa: Jacques René Zammit ☐ (+352) 4303 3355